ISSN 1977-7337

European Asylum Support Office
Bureau Européen d'Appui pour l'Asile

# Clár oibre
# EASO 2013

SUPPORT IS OUR MISSION

European Asylum Support Office
Bureau Européen d'Appui pour l'Asile

# Clár oibre
# EASO 2013

SUPPORT IS OUR MISSION

***Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach***

**Uimhir shaorghlao (*):**

**00 800 6 7 8 9 10 11**

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimhreacha 00 800 nó d'fhéadfaí airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).

Is féidir sonraí maidir le catalógú a fháil ag deireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2012

ISBN 978-92-95079-75-5
doi:10.2847/70866

© An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn, 2012.

Ní féidir freagracht a chur ar EASO nó duine ar bith ag gníomhú ar a son i ndáil leis an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an bhfaisnéis atá cuimsithe anseo.

Tá atáirgeadh údaraithe ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse.

# Clár Ábhair

**1. Sracfhéachaint ar EASO: fís, misean agus tosaíochtaí ..... 5**

1.1. Réamhrá ..... 5

1.2. Fís agus misean ..... 5

1.3. Struchtúr an chláir oibre ..... 6

**2. Struchtúr buiséid agus forbhreathnú foirne EASO ..... 7**

2.1. Bearta déine AE maidir le buiséad agus earcaíocht EASO ..... 7

2.2. Struchtúr eagraíochtúil 2013 EASO ..... 8

2.3. Modh feidhme EASO ..... 8

2.4. Buiséad EASO do 2013 ..... 9

**3. Tacaíocht bhuan ..... 11**

3.1. Oiliúint EASO ..... 11

3.2. Próisis cháilíochta ..... 12

3.3. Faisnéis na Tíre Tionscnaimh ..... 13

3.4. Liosta EASO na dTeangacha Infhaighte ..... 13

3.5. Comhar praiticiúil EASO ..... 14

3.6. Cláir shainiúla ..... 14

*3.6.1. Gníomhartha EASO sa Phlean Gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha ..... 14*

*3.6.2. Gáinneáil ar dhaoine ..... 15*

**4. Tacaíocht speisialta ..... 16**

4.1. Tacaíocht shaincheaptha agus forbairt inniúlachta ..... 16

4.2. Athlonnú ..... 16

**5. Tacaíocht éigeandála ..... 17**

5.1. Comhthiomsú Idirghabhála Tearmainn ..... 17

5.2. An Ghréig – Ag tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um imirce agus um thearmann agus cur chun feidhme an phlean oibriúcháin ..... 17

5.3. Ullmhúchán don tacaíocht éigeandála ..... 17

**6. Tacaíocht anailíse agus faisnéise ..... 18**

6.1. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE ..... 18

6.2. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta ..... 18

**7. Tacaíocht tríú tíre ..... 19**

7.1. Athshocrú ..... 19

7.2. Gné sheachtrach agus tacaíocht tríú tíre ..... 19

**8. Líonra agus creat EASO ..... 20**

8.1. Bord Bainistíochta ..... 20

8.2. Líonra comhair EASO ..... 21

*8.2.1. Comhar le Parlaimint na hEorpa, Comhairle na nAirí agus an Coimisiún Eorpach ..... 21*

*8.2.2. Comhar le UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile ..... 21*

*8.2.3. Comhar le breathnóirí agus tíortha comhlachaithe ..... 21*

*8.2.4. Comhar le Frontex, FRA agus eagraíochtaí AE eile ... 21*

*8.2.5. Comhar le lucht acadúil agus comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna ... 22*

8.3. Fóram Comhairleach ... 22

**9. Riarachán EASO ... 23**

9.1. Earcaíocht ... 23

9.2. Airgeadas ... 23

9.3. Cumarsáid EASO ... 23

9.4. Seirbhísí corparáideacha/ bainistíocht doiciméad ... 23

**IARSCRÍBHINN 1: Plean EASO do bhunú na gconarthaí poiblí agus na ngealltanas dlithiúil i 2013 ... 25**

**IARSCRÍBHINN 2: Foilseacháin agus doiciméid EASO le haistriú i 2013 ... 27**

# 1. Sracfhéachaint ar EASO: fís, misean agus tosaíochtaí

Is é seo an tríú clár oibre ón Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn (EASO). I 2013, déanfaidh EASO a thuilleadh comhdhlúthaithe ar a hoibríochtaí agus forbróidh sí na bearta a bhfuil tús curtha leo cheana féin. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go dtabharfaidh an Coimisiún Eorpach faoina chéad mheastóireacht ar fheidhmíocht EASO i 2013.

## 1.1. Réamhrá

Tá clár oibre EASO mar bhonn le straitéis na heagraíochta a aistriú chuig cuspóirí bliantúla mar aon le bonn a sholáthar don phleanáil buiséid. I 2013, leanfaidh EASO le tacaíocht a sholáthar do chur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) agus do Bhallstáit agus dá gcórais tearmainn. Is ionad neamhspleách saineolais í EASO atá cóngarach do Bhallstáit agus dá n-oifigí tearmainn mar aon leis an gCoimisiún Eorpach. Tá sainordú EASO sonraithe ina rialachán bunaidh agus i gcáipéisí ábhartha eile an Aontais Eorpaigh ([1]). I rith na tríú bliana dá hoibríochtaí, comhdhlúthóidh EASO a cuid gníomhaíochtaí agus a heagraíocht.

Forbairtí ábhartha:

- Tacóidh EASO le cur chun feidhme na chéad chéime eile den Chomhchóras Eorpach Tearmainn ag na Ballstáit.
- Tugann conclúidí na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) an 8 Márta 2012 ról soiléir do EASO sa Sásra Luathrabhaidh, Ullmhachta agus Bainistíochta Géarchéime.
- Tá EASO fós ag cur lena struchtúir bhunúsacha agus níl na leibhéil chuí foirne agus bhuiséid sroichte fós chun na gníomhaíochtaí ar fad atá sannta di ina rialachán bunaidh a chur i gcrích. San am céanna, mhol an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle laghdú EUR 3.1 milliún ar bhuiséad EASO 2013 mar aon le laghdú ceithre phost sa líon foirne.

Is iad seo a leanas na cúig phríomhthosaíocht ag EASO do 2013:

1. tacaíocht éigeandála oibriúcháin a sholáthar do na córais tearmainn sa Ghréig agus i mBallstáit eile i ngátar;
2. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta AE saincheaptha ar chúrsaí Tearmainn a fhorbairt, ag soláthar cásanna riosca agus treochta anailíse tearmainn;
3. breis forbartha a dhéanamh ar ardchaighdeán oiliúna tearmainn choiteann ar fud an AE;
4. leibhéal coiteann um Fhaisnéis na Tíre Tionscnaimh (COI) a sholáthar ar fud an AE agus tuarascálacha COI rialta; agus
5. comhdhlúthú a dhéanamh ar eagraíocht EASO.

Cuirtear clár oibre EASO i dtoll a chéile de réir Airteagal 29(f) de rialachán EASO. Ghlac an Bord Bainistíochta leis an gclár oibre ar 18 Meán Fómhair 2012, i ndiaidh tuairim an Choimisiúin Eorpaigh a fháil ar 27 Iúil 2012. Tá an clár oibre seolta ag EASO chuig Parlaimint na hEorpa, Comhairle na nAirí agus an Coimisiún Eorpach, agus beidh na cáipéisí ar fáil i dteangacha oifigiúla institiúidí an Aontais Eorpaigh (AE).

Aithnítear i gclár oibre EASO líon beag cuspóirí bliantúla atá struchtúrtha de réir phrionsabail SMART (‘sonrach, intomhaiste, comhaontaithe, réalaíoch, uainithe’). I bhfianaise gurb é nádúr obair EASO freagairt go tráthúil, go gníomhach agus go solúbtha d’imthosca agus do thosaíochtaí athraitheacha, ní mór go mbeadh ar chumas an Stiúrthóra Feidhmiúcháin freagairt dá leithéid le linn dó clár oibre 2013 a chur chun feidhme.

## 1.2. Fís agus misean

Tá EASO ina gníomhaireacht rialála de chuid an Aontais Eorpaigh agus ina hionad saineolais agus tacaíochta neamhspleách. Cuireann sí le Comhchóras Eorpach Tearmainn a chruthú. Is é aidhm EASO comhar praiticiúil i measc na mBallstát a éascú, a chomhordú agus a neartú i ndáil le gnéithe éagsúla an tearmainn, cosúil le: tacaíocht phraiticiúil agus oibriúcháin a sholáthar do Bhallstáit; tacaíocht oibriúcháin a sholáthar do Bhallstáit a bhfuil brú faoi leith ar a gcórais tearmainn, lena n-áirítear comhordú na foirne tacaíochta tearmainn atá comhdhéanta de shaineolaithe tearmainn; agus cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar i ndáil le ceapadh beartais agus reachtaíocht AE sna réimsí uile a bhfuil impleacht dhíreach nó neamhdhíreach acu ar thearmann.

Is iad seo a leanas na pointí fócais ag EASO:

([1]) Ar phríomh-dhoiciméid ábhartha AE tá ‘Clár Stócólm – Eoraip a bheidh oscailte agus slán, a fhónfaidh do na saoránaigh agus a chosnóidh iad’ [Stockholm programme — An open and secure Europe serving and protecting citizens] (IO C 115/1, 4.5.2010), cumarsáid an Choimisiúin ar dhlúthpháirtíocht laistigh den AE (COM(2011) 835 críochnaitheach, 2.12.2011), conclúidí na Comhairle ar chreat coiteann le haghaidh dlúthpháirtíocht dáiríre agus praiticiúil i dtreo na mBallstát ag tabhairt aghaidh ar bhrúnna ar leith ar a gcórais tearmainn, lena n-áirítear trí sreafa imirce measctha, arna nglacadh ar 8.3.2012, agus Plean Gníomhaíochta an AE ar bhrúnna imirceacha, arna ghlacadh ar 26.4.2012

- **Tacaíocht bhuan:** tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do cháilíocht choiteann an phróisis tearmainn trí oiliúint, curaclam coiteann tearmainn, cáilíocht choiteann agus Fáisnéis choiteann na Tíre Tionscnaimh.
- **Tacaíocht speisialta:** cúnamh saincheaptha, forbairt inniúlachta, athlonnú, tacaíocht shainiúil agus próisis speisialta um rialú cáilíochta.
- **Tacaíocht éigeandála:** dlúthpháirtíocht a eagrú do Bhallstáit a bhfuil brú faoi leith orthu trí thacaíocht agus cúnamh sealadach a sholáthar chun an córas tearmainn a dheisiú nó a atógáil.
- **Tacaíocht anailíse agus faisnéise:** faisnéis agus sonraí, anailís agus measúnú a roinnt agus a chumasc: ní hamháin go bhfuil sé i gceist faisnéis a chur i gcomparáid agus a roinnt, ach tá sé i gceist anailís choiteann a dhéanamh ar threochtaí mar aon le measúnú coiteann a dhéanamh.
- **Tacaíocht tríú tíre:** tacú leis an ngné sheachtrach, tacú le comhpháirtíochtaí le tríú tíortha teacht ar réitigh choiteanna, forbairt inniúlachtaí agus clár cosanta réigiúnach mar shampla, mar aon le gníomhaíochtaí athshocraithe Ballstát a chomhordú.

Is iad prionsabail EASO:

- tacaíocht agus cúnamh a eagrú do riachtanais shainiúla nó ghinearálta chórais tearmainn na mBallstát;
- comhar oibríochtúil idir Ballstáit a chomhordú agus a spreagadh agus cáilíocht a spreagadh;
- feidhmiú mar ionad saineolais ar thearmann;
- anailís choiteann agus measúnú coiteann ar shonraí tearmainn a eagrú;
- gníomhaíocht chomhpháirteach agus comhsheasmhacht laistigh den réimse tearmainn a éascú agus a spreagadh;
- rannpháirtíocht a bhfuil tiomantas iomlán na mBallstát aici a spreagadh;
- meas a thabhairt ar fhreagracht na mBallstát agus a gcinntí tearmainn; agus
- sochaí shibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur san áireamh.

## 1.3. Struchtúr an chláir oibre

Tosaíonn Caibidil 2 le forléargas a sholáthar ar an struchtúr foirne agus buiséid. Tá léargas le fáil chomh maith céanna ar na bearta déine sa chaibidil seo. Déanann Caibidil 3 cur síos ar ghníomhaíochtaí EASO i ndáil le tacaíocht bhuan a sholáthar d'údaráis tearmainn na mBallstát. I gCaibidil 4, déantar cur síos ar ghníomhaíochtaí tacaíochta speisialta EASO, tascanna a bhaineann le hathlonnú san áireamh. Tá cur síos le fáil i gCaibidil 5 ar ghníomhaíochtaí tacaíochta éigeandála EASO a mbaintear úsáid astu nuair a bhíonn Ballstáit i ngátar. I gCaibidil 6, déantar cur síos ar thascanna EASO a bhaineann le faisnéis, cáipéisíocht agus anailís. Tá eolas achomair le fáil i gCaibidil 7 ar thascanna EASO a bhaineann le hathshocrú agus leis an ngné sheachtrach. Dá mba rud é go laghdófaí an buiséad agus an líon foirne, bheadh teorainn leis na gníomhaíochtaí seo. Bheadh tionchar aige seo ar ghníomhaíochtaí eile EASO chomh maith céanna. Tá léargas le fáil i gCaibidil 8 ar ghníomhaíocht EASO a bhaineann le cumarsáid, an Bord Bainistíochta agus comhar le comhpháirtithe agus le páirtithe leasmhara, gníomhaíochtaí comhairleacha san áireamh. Ar deireadh, baineann Caibidil 9 le riarachán EASO: earcaíocht, airgeadas agus seirbhísí corparáideacha.

# 2. Struchtúr buiséid agus forbhreathnú foirne EASO


## 2.1. Bearta déine AE maidir le buiséad agus earcaíocht EASO

De réir an ráitis reachtaigh airgeadais, i 2013, bhí buiséad EUR 15 milliún le bheith ag EASO. Mhol an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle laghdú EUR 3.1 milliún ar bhuiséad 2013 EASO go EUR 11.9 milliún (laghdú 20 %) mar aon le laghdú ceithre phost sa líon foirne, áfach. Ó 2014 anonn, ní ghlacfar le EASO mar ghníomhaireacht nuathionscanta. Ciallaíonn sé seo go mbeidh an leibhéal buiséid le haghaidh 2013 cothrom leis an mbuaicbhuiséad ar a mbunófar bearta déine AE amach anseo.

Má ghlacann Parlaimint na hEorpa leis an ngearradh beartaithe de EUR 3.1 milliún ar bhuiséad 2013 EASO, beidh tionchar diúltach aige ar bhunú eagraíocht EASO agus ar chur chun feidhme na dtascanna sannta di de bhua a rialacháin bhunaidh. Ciallaíonn sé seo, go mbeadh ar EASO tús áite a thabhairt do na gníomhaíochtaí a meastar a bheidh i gceist i 2013, agus go mbeadh níos lú airgid á chaitheamh ar gach gníomhaíocht. Seo a leanas cuid de na tosaíochtaí a mbeadh tionchar orthu:

- leibhéal na gcistí ar fáil le haghaidh tacaíochta speisialta agus tacaíochta éigeandála;
- treisiú an Ionaid Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais ag na leibhéil bhuiséid a mheastar a bheidh ann, a chiallódh go dtiocfadh laghdú ar chlár oiliúna EASO;
- treisiú an Ionaid Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse ag na leibhéil foirne agus bhuiséid a mheastar a bheidh ann, a mbeadh tionchar diúltach aige ar fhorbairt iomlán an Chórais Luathrabhaidh agus Ullmhachta, mar aon le forbairt iomlán thascanna Fhaisnéis na Tíre Tionscnaimh; agus
- gníomhaíochtaí a bhaineann le hathshocrú agus leis an ngné sheachtrach: i gcás 2013, ní bheadh aon ghníomhaíochtaí sonracha EASO i gceist sa chomhthéacs seo.

I ngach caibidil de chlár oibre EASO, is ionann iad na gníomhaíochtaí a bhfuil cló iodálach orthu agus gníomhaíochtaí nach mbeidh á gcur chun feidhme má bhíonn buiséad de EUR 11.9 milliún ar fáil do EASO.



## 2.2. Struchtúr eagraíochtúil 2013 EASO

De réir phlean an bheartais foirne ilbhliantúil le haghaidh 2013–15, seo a leanas an chuma atá ar dhréacht-chairt eagraíochtúil EASO.

I 2013, earcóidh EASO 15 chomhalta foirne nua, saineolaithe ón réimse tearmainn den chuid is mó. Ciallóidh sé seo go mbeidh an líon foirne cothrom le 76, ar aon dul le dréachtbhuiséad EASO do 2013 agus plean an bheartais foirne ilbhliantúil 2013–15. Comhaltaí foirne EASO den chuid is mó a bheidh ainmnithe ar na painéil roghnúcháin, rud a chinnteoidh go mbeidh dlús méadaithe faoin bpróiseas earcaíochta.

Léiríonn an tábla seo a leanas an chaoi ina leithdháiltear an fhoireann i measc na lárionad/na n-aonad éagsúil.

## 2.3. Modh feidhme EASO

Is ionad saineolais agus tacaíochta neamhspleách í EASO. Is é an príomhthasc atá aici ná comhar praiticiúil a éascú, a chomhordú agus a neartú i measc Ballstát.

Is éard atá i gceist leis seo ná comhar praiticiúil a éascú, a chomhordú, a spreagadh, a thacú agus a neartú. Tá EASO seirbhís-bhunaithe agus dírithe ar thacaíocht eagraíochtúil agus lóistíochúil, ar fhaisnéis agus ar shaineolas. Is bróicéir ionraic, neodrach, neamhspleách, neamhchlaon agus trédhearcach í. Spreagann sí, éascaíonn sí agus tacaíonn sí le malartú saineolaithe, saineolais agus taithí. Bainfidh EASO tairbhe as modhanna nua-aimseartha agus traidisiúnta le linn di a cuid oibre a chur i gcrích, lena n-áirítear tairbhe a bhaint as páirtithe oibre agus cruinnithe le saineolaithe, mar aon le cumarsáid dhigiteach, leictreonach agus físe.

Os a choinne sin, feidhmeoidh EASO mar ionstraim dlúthpháirtíochta agus iontaoibh fhrithpháirteach, i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha eile, Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, comhlachtaí AE agus Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe (UNHCR). Tabharfar aird ar leith do dhíospóireacht leis an tsochaí shibhialta.

Ciallaíonn méid réamh-mheasta oifig EASO gur eagraíocht stuama a bheidh inti – eagraíocht a bheidh tiomanta dá misean tacú le cáilíocht réimse tearmainn an AE trí chéile. Gné bhunúsach de seo é comhordú maith inmheánach idir na hionaid agus na haonaid agus comhordú maith seachtrach leis na páirtithe leasmhara ar fad.

**Foireann reachtúil bhuan**

Is éard atá san fhoireann reachtúil bhuan ná saineolaithe a bhfuil sárscileanna acu i dtacú le tascanna a bhaineann le ceisteanna tearmainn, ceisteanna a bhaineann le heagrú agus le comhordú, le hanailís agus le hoiliúint, agus le tuiscint ar agus tacaíocht a thabhairt do chleachtais éagsúla agus chomhaontaithe.

**Foireann neamh-reachtúil seachtrach**

Roghnófar na saineolaithe agus an saineolas as na Ballstáit, an Coimisiún Eorpach agus UNHCR, trí mheán meithleacha oibre agus cruinnithe tiomnaithe nó iasachtuithe foirne. Rachaidh saineolas roinnte na mBallstát go mór chun tairbhe EASO.

Tá an tacaíocht mar mhisean ag EASO. Is meon í an tacaíocht. Seo a leanas cur síos ar phróifíl, scileanna agus inniúlachtaí na gcomhaltaí foirne:

- cumas maith comhordaithe, cumarsáide agus obair foirne;
- súil a choinneáil ar agus tuiscint a léiriú ar dhifríochtaí agus ar staideanna difriúla a théann

| Aonán | Foireann 2012 | Foireann 2013 — bunaithe ar mholadh **EASO** | Foireann 2013 — bunaithe ar mholadh **an Choimisiúin Eorpaigh** |
|---|---|---|---|
| Stiúrthóir Feidhmiúcháin | 1 | 1 | 1 |
| Oifig Fheidhmiúcháin | 6 | 8 | 7 |
| Aonad Riaracháin agus Gnóthaí Ginearálta | 21 | 25 | 25 |
| Cuntasaíocht, Iniúchadh Inmheánach agus Rialú | 1 | 1 | 1 |
| Lárionad Faisnéise, Cáipéisíochta agus Anailíse | 11 | 15 | 14 |
| Lárionad um Thacaíocht Oibriúcháin | 9 | 15 | 14 |
| Lárionad Oiliúna, Cáilíochta agus Saineolais | 12 | 15 | 14 |
| **IOMLÁN** | **61** | **80** | **76** |

chun tairbhe na mBallstát agus páirtithe leasmhara eile;

- a bheith seirbhís-bhunaithe;
- a bheith ilfheidhmeach agus solúbtha, bunaithe ar mhéid EASO;
- luí a bheith acu le ceisteanna imirce agus tearmainn go háirithe, ó tharla EASO a bheith ag déileáil le hábhar íogair ó thaobh na polaitíochta de; agus
- aird speisialta agus ar leith a thabhairt don fheidhm faisnéise.

Beidh saineolaithe fostaithe nó is saineolaithe náisiúnta ar iasacht (SNIanna) a bheidh iontu nó páirtithe ar tugadh cuireadh dóibh páirt a ghlacadh san obair.

## 2.4. Buiséad EASO do 2013

Tá EASO fós ag cur lena struchtúir bhunúsacha agus níl na leibhéil chuí foirne agus bhuiséid sroichte fós chun na gníomhaíochtaí ar fad atá sannta di ina rialachán bunaidh a chur i gcrích. San am céanna, mar gheall ar bhearta déine, mhol an Coimisiún Eorpach agus an Chomhairle buiséad 2013 EASO a laghdú 20% (EUR 3.1 milliún) mar aon le laghdú ceithre phost sa líon foirne. Más amhlaidh go mbeidh an laghdú seo á chothú ag an údarás buiséid, ní bheidh an dara rogha ag EASO ach gníomhaíochtaí oibríochtúla a fhágáil ar leataobh mar atá luaite anseo thíos.

**2012** *(EUR)*

| Caiteachas | 2012 | |
|---|---|---|
| | Leithreasaí gealltanais | Leithreasaí íocaíochta |
| Teideal 1 | 3 260 000 | 3 009 530 |
| Teideal 2 | 1 800 000 | 1 800 000 |
| Teideal 3 | 4 940 000 | 1 000 000 |
| **Caiteachas iomlán** | **10 000 000** | **5 809 530** |

Cuirfear an buiséad i bhfeidhm i gcomhréir le rialachán EASO agus Cinneadh Uimh 2 de Bhord Bainistíochta EASO ar Rialachán Airgeadais EASO. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas i ndáil le haon athrú suntasach ar ghníomhaíochtaí oibriúcháin EASO nó aon ghníomhaíochtaí oibriúcháin nua dá cuid.

**Teideal I**

Baineann Teideal I le caiteachas foirne, costais foirne (m.sh. costais mhisin) agus tuarastail. I bhfianaise nádúr ghníomhaíochtaí EASO, tá costais na n-oibríochtaí luaite faoi Theideal I chomh maith céanna. Cumhdaíonn Teideal I costais mhisin fhoireann EASO, costais a bhfuil baint dhíreach acu le hoibríochtaí EASO, costais foireann oibríochtúil agus costais foireann riaracháin, a éascaíonn oibríochtaí EASO, foirne tacaíochta tearmainn, cruinnithe saineolaithe agus oiliúint mar shampla.

**Teideal II**

Baineann Teideal II le caiteachas ar chostais riaracháin i ndáil le, i measc nithe eile:

- foirgnimh a ligean ar cíos agus costais ghaolmhara: EUR 300,000;
- TFC: EUR 400,000
  (NB. Níl na costais éagsúla a bhaineann leis an tairseach ghréasáin san áireamh sa bhuiséad (féach Teideal III));
- Cruinnithe Bhord Bainistíochta EASO agus cruinnithe inmheánacha EASO: (EUR 600 000)
  (NB. Níl costais na gcruinnithe saineolaithe san áireamh sa bhuiséad faoi na gníomhaíochtaí oibriúcháin ná níl sé ábhartha don Fhóram Comhairleach (féach Teideal III) ach oiread); agus
- faisnéis agus foilsiú: EUR 30,000
  (NB. Áireofar costais do chumarsáid chorparáideach sa bhuiséad, ach ní áireofar na costais a bhaineann le tuarascálacha a fhoilsiú ann faoi na gníomhaíochtaí difriúla oibriúcháin, m.sh. an tuarascáil bhliantúil ar an staid tearmainn san AE agus tuarascálacha COI (féach Teideal III)).

**2013** *(EUR)*

| Caiteachas | Iarratas gníomhaireachta 2013 | | Tuar buiséid 2013 | |
|---|---|---|---|---|
| | Leithreasaí gealltanais | Leithreasaí íocaíochta | Leithreasaí gealltanais | Leithreasaí íocaíochta |
| Teideal 1 | 5 240 000 | 5 240 000 | 4 815 000 | 4 815 000 |
| Teideal 2 | 2 410 000 | 2 410 000 | 2 055 000 | 2 055 000 |
| Teideal 3 | 7 350 000 | 2 000 000 | 5 000 000 | 5 000 000 |
| **Caiteachas iomlán** | **15 000 000** | **9 650 000** | **11 870 000** | **11 870 000** |

**Teideal III**

Tá léargas le fáil sa tábla seo a leanas ar an mbuiséad tosaigh sannta faoi Theideal III do na tascanna difriúla (mínítear an caiteachas i gcaibidlí éagsúla níos faide anonn). Faoi na gníomhaíochtaí oibriúcháin, léirítear go soiléir an tslí a bhféadfadh EASO a gníomhaíochtaí a chur chun feidhme má bhíonn EUR 7 350 000 aici lena gníomhaíochtaí oibriúcháin a chur chun feidhme, agus céard a bheidh ar a cumas a dhéanamh mura bhfuil ach EUR 5 000 000 aici lena gníomhaíochtaí oibriúcháin a chur i gcrích:

**Buiséad 2013 Teideal III**

**Leithreasaí gealltanais**

| | | Caiteachas | |
|---|---|---|---|
| | | **IARRATAS GNÍOMHAIREACHTA** | **DRÉACHT-BHUISÉAD** |
| 3 | | | |
| 31 | Tacaíocht do chur chun feidhme CEAS | **EUR 930 000** | **EUR 800 000** |
| 3101 | Tacaíocht chothrománach do chur chun feidhme CEAS ([1]) | EUR 100 000 | EUR 100 000 |
| 3102 | Tuarascáil bhliantúil ar thearmann | EUR 410 000 | EUR 300 000 |
| 3103 | Luathrabhadh agus anailís ar shonraí | EUR 420 000 | EUR 400 000 |
| 32 | Tacaíocht do chomhar praiticiúil na mBallstát | **EUR 4 460 000** | **EUR 2 800 000** |
| 3201 | Tacaíocht chothrománach do chomhar praiticiúil na mBallstát ([2]) | EUR 100 000 | EUR 100 000 |
| 3202 | Oiliúint EASO | EUR 1 400 000 | EUR 1 200 000 |
| 3203 | Próisis cháilíochta ([3]) | EUR 570 000 | EUR 450 000 |
| 3204 | Faisnéis na Tíre Tionscnaimh | EUR 1 190 000 | EUR 900 000 |
| 3205 | Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach | EUR 1 200 000 | EUR 150 000 |
| 33 | Tacaíocht do Bhallstáit faoi bhrú ar leith | **EUR 1 750 000** | **EUR 1 250 000** |
| 3301 | Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit faoi bhrú ar leith | EUR 50 000 | EUR 50 000 |
| 3302 | Tacaíocht éigeandála | EUR 1 700 000 | EUR 1 200 000 |
| 34 | Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | **EUR 210 000** | **EUR 150 000** |
| 3401 | Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | EUR 210 000 | EUR 150 000 |
| | | **CA (EUR 7.35 milliún)** | **CA (EUR 7.35 milliún)** |

([1]) Lena n-áirítear tairseach faisnéise EASO (Tairseach chuig feidhmchláir TF oibriúcháin).
([2]) Lena n-áirítear Liosta na dTeangacha Infhaighte.
([3]) Lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha.

Tá an buiséad sannta táscach agus d'fhéadfadh athrú teacht ar chúrsaí i rith na bliana (2013).

Cuirfear Teideal III den bhuiséad chun feidhme trí chonarthaí poiblí agus tiomantais dlí eile a bhunú nuair a bheidh na nósanna imeachta a bhaineann leis an bpleanáil curtha chun críche. I bhfianaise nádúr ilfheidhmeach na ngníomhaíochtaí oibriúcháin, tá forléargas de na nósanna imeachta atá beartaithe le haghaidh 2012 san áireamh freisin.

# 3. Tacaíocht bhuan

Tá sé mar aidhm le tacaíocht bhuan EASO do Bhallstáit tacú le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CEAS) agus cáilíocht na bpróiseas tearmainn a chur chun cinn agus a fheabhsú. Is é atá mar aidhm leis an tacaíocht seo ná cur chun feidhme comhsheasmhach CEAS a chinntiú laistigh den AE. Soláthraíonn EASO tacaíocht bhuan do ghníomhaíochtaí Ballstát d'fhonn cáilíocht an phróisis tearmainn a fheabhsú agus faisnéis agus scileanna, eagraíocht agus nósanna imeachta, faisnéis, acmhainní agus dea-chleachtais choiteanna a roinnt. Seo a leanas a bhfuil i gceist le tacaíocht bhuan EASO:

- oiliúint;
- próisis cháilíochta;
- Faisnéis na Tíre Tionscnaimh;
- Liosta EASO na dTeangacha Infhaighte;
- comhar praiticiúil EASO; agus
- cláir shainiúla, dála tascanna EASO a bhaineann le mionaoisigh neamhthionlactha agus comhar maidir le gáinneáil ar dhaoine.

## 3.1. Oiliúint EASO

Cuirfear gníomhaíochtaí oiliúna EASO i gcrích laistigh de chreat na straitéise oiliúna a forbraíodh i 2012. Is iad seo a leanas an dá phríomh-ionstraim oiliúna:

a) forbairt agus scaipeadh ábhar coiteann foghlama Eorpaigh; agus

b) seisiúin oiliúna choiteanna Eorpacha a eagrú d'oiliúnóirí EASO mar aon le hoiliúint a eagrú chun críche tacaíocht speisialta agus clár tacaíochta éigeandála a eagrú.

Leanfaidh EASO le hábhair oiliúna cháilíochta a sholáthar do Bhallstáit agus tacú leo i ndáil le hoiliúint a eagrú agus cúrsaí oiliúna a sheachadadh. Is í an phríomhuirlis oiliúna a bheidh ag EASO i 2013 ná Curaclam Eorpach Tearmainn (EAC) – atá curtha san áireamh go hiomlán in EASO ó Eanáir 2012 i leith. De réir a chéile beidh níos mó úsáide á bhaint as EAC mar chlár coiteann oiliúna do sheirbhísí tearmainn agus imirce ar fud an AE agus tacóidh sé leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn i dtéarmaí praiticiúla. Os a choinne sin, i 2013 tosóidh EASO ar churaclam sainiúil a fhorbairt do bhaill na mbinsí agus na gcúirteanna, d'fhonn cáilíocht agus comhchuibhiú na gcinntí breithiúnacha ar fud an AE a fheabhsú.

D'fhonn breisluach na dtascanna oiliúna a fheabhsú, déanfaidh EASO measúnú ar impleacht gníomhaíochtaí oiliúna EASO ar fud an AE.

**Cuspóirí do 2013:**

- Déanfar tuilleadh forbartha agus comhdhlúthaithe ar oiliúint EASO ar aon dul le straitéis oiliúna EASO, lena n-áirítear uirlisí nua chun tacú le Ballstáit spriocanna cainníochtúla a bhunú chun oiliúint a chur ar oifigigh thearmainn in EAC.
- Beidh idir 12 agus 14 sheisiún oiliúna don oiliúnóir á seachadadh ag EASO, agus é mar aidhm oiliúint a chur ar thart ar 160 oiliúnóir náisiúnta EAC. Chuige seo, agus ar aon dul le hAirteagal 6(7) de rialachán EASO, d'fhéadfaí roinnt seisiún (ach ní níos mó ná leath) a eagrú lasmuigh de Mhálta chun straitéis réigiúnach a éascú agus chun cur chun feidhme oiliúint EAC a mhéadú i mBallstáit, lena n-áirítear:
  - ceithre sheisiún oiliúna don oiliúnóir EAC le seachadadh ag EASO i Ráithe I;
  - idir trí agus ceithre sheisiún le seachadadh ag EASO i Ráithe II;
  - dhá sheisiún le seachadadh ag EASO i Ráithe III; agus
  - idir trí agus ceithre sheisiún le seachadadh ag EASO i Ráithe IV.
- Bunaithe ar mheastóireacht chuí agus ar athbhreithniú cáilíochta, atá le déanamh i gcomhar le comhaltaí an Ghrúpa Tagartha, nuashonrófar idir sé agus ocht modúl EAC i rith 2013, lena n-áirítear:
  - dhá mhodúl EAC le nuashonrú i Ráithe I;
  - idir dhá agus trí mhodúl EAC le nuashonrú i Ráithe II; agus
  - idir dhá agus trí mhodúl EAC le nuashonrú i Ráithe IV.
- I 2013, cuirfear tús le dhá mhodúl nua EAC a fhorbairt. Cinnfear ar ábhar an dá mhodúl bunaithe ar riachtanais na mBallstát agus i gcomhairle leis an nGrúpa Tagartha. Bunófar ceann de na modúil EAC ar 'oiliúint bainistíochta'. Os a choinne sin, tabharfar aird ar leith ar chomhdhlúthú an churaclaim reatha agus ar cheisteanna a bhaineann le hinscne agus le grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear:
  - modúl EAC amháin le forbairt i Ráithe II; agus
  - forbairt an dara modúl EAC le seoladh i Ráithe III/IV.
- Forbrófar dhá lámhleabhar a bhaineann le hábhar mhodúil EAC i rith 2013, lena n-áirítear:
  - lámhleabhar EAC amháin le seoladh i Ráithe II; agus
  - an dara lámhleabhar EAC le seoladh i Ráithe IV.

- Seolfar forbairt curaclam sainiúil oiliúna do chomhaltaí binsí agus cúirteanna i Ráithe I de 2013, agus cuirfear na tionscnaimh ábhartha ar tugadh fúthu sa réimse seo san áireamh freisin.
- Eagrófar seimineár teagascach d'oiliúnóirí EASO do thart ar 65 rannpháirtí i Ráithe IV.
- Déanfaidh EASO tuilleadh forbartha agus fairsingthe ar Fhoireann Saineolaithe Oiliúna EASO.
- Gné thábhachtach d'oiliúint EASO é comhar agus comhpháirtíocht mhaith leis an nGrúpa Tagartha. Eagrófar cruinniú bliantúil i Ráithe IV.
- Eagrófar cruinniú de Phointí Teagmhála Náisiúnta Oiliúna EASO i Ráithe IV.
- Déanfaidh EASO scrúdú ar na féidearthachtaí a bhaineann le huirlisí oiliúna eile a fhorbairt (ag cur modheolaíochtaí nua san áireamh). Tabharfar aird ar leith ar fhorbairt gníomhaíochtaí oiliúna i ndlúthchomhar le gníomhaireachtaí AE eile lena n-áirítear Frontex, Gníomhaireacht an AE um Chearta Bunúsacha (FRA) agus an Coláiste Eorpach Póilíneachta (CEPOL).
- Soláthrófar seisiúin oiliúna EASO ar iarratas mar chuid de chláir thacaíochta speisialta agus cláir thacaíochta éigeandála. Soláthróidh EASO tacaíocht oiliúna mar chuid den ghné sheachtrach, laistigh, mar shampla, de scóip Phróiseas Phrág i gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach agus ar aon dul le hAirteagal 49(2) de rialachán EASO.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Déanfar nuashonrú cúig mhodúl a iarchur go dtí 2014.*
- *Ní fhorbrófar lámhleabhar EAC amháin.*
- *Cuirfear teorainn le gníomhaíochtaí oiliúna EASO mar chuid den ghné sheachtrach.*

## 3.2. Próisis cháilíochta

Cuirfidh gníomhaíochtaí cáilíochta EASO leis an measúnú cuimsitheach a rinneadh i 2012 agus leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó na córais agus ó na tionscadail éagsúla cháilíochta curtha chun feidhme i mBallstáit difriúla ó 2004 anonn. Is é príomhchuspóir an phróisis seo tacú le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach agus leis na Ballstáit, cuspóir a mbainfidh tábhacht leis a luaithe a ghlacfaidh an comhreachtóir leis na hionstraimí *acquis* tearmainn. I gcomhthéacs an mhórchuspóra tacú le cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn, cuirfidh EASO le forbairt uirlisí, teicníochtaí, modheolaíochtaí agus dea-chleachtas agus é mar aidhm cáilíocht na cinnteoireachta ar fud an AE a fheabhsú. Chomh maith leis sin, tacóidh EASO le Ballstáit nuair a bheidh próisis cháilíochta á mbunú agus á bhforbairt agus le caidreamh/comhordú ag leibhéal AE a chothú.

Cumhdóidh na tionscnaimh seo na réimsí sainiúla atá aitheanta i gcomhairle leis na Ballstáit, agus tabharfar aird ar leith ar inscne, rochtain ar nósanna imeachta tearmainn agus riachtanais grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear mionaoisigh neamhthionlactha agus marthanóirí céastóireachta.

**Cuspóirí do 2013:**

- Foireann cháilíochta EASO a chomhdhlúthú i Ráithe II/III.
- Tacú le Ballstáit leis an bpróiseas a bhaineann le próisis cháilíochta a bhunú agus a fhorbairt agus malartú faisnéise agus dea-chleachtas a éascú i Ráithe I go IV.
- Comhordú le Ballstáit agus leis an gCoimisiún Eorpach chun réimsí tosaíochta a aithint agus chun foirmeacha, teimpléid, lámhleabhair agus treoirlínte a bhailíonn agus a chomhdhlúthaíonn saineolas agus dea-chleachtais reatha. Chuige seo, measann EASO go reáchtálfar cruinnithe téamacha faoi cháilíocht i nósanna imeachta tearmainn le saineolaithe faoi leith, lena n-áirítear:
  - dhá chruinniú théamacha faoi phróisis cháilíochta a eagrú i Ráithe I;
  - trí chruinniú théamacha faoi phróisis cháilíochta a eagrú i Ráithe II;
  - trí chruinniú théamacha faoi phróisis cháilíochta a eagrú i Ráithe III; agus
  - ceithre chruinniú théamacha faoi phróisis cháilíochta a eagrú i Ráithe IV.
- Cur le forbairt uirlisí, teicníochtaí, modheolaíochtaí agus dea-chleachtas eile chun cáilíocht na cinnteoireachta ar fud an AE a fheabhsú. Chuige seo, meastar nach gcuirfear ach uasmhéid ceithre fhoilseachán faoi cháilíocht tearmainn i dtoll a chéile i Ráithe III/IV.
- Cabhrú leis an Lárionad um Thacaíocht Oibriúcháin le dearadh, seachadadh agus meastóireacht tacaíochta i réimsí a bhaineann le cáilíocht idir Ráithe I go IV.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Tá laghdú suntasach ar an mbuiséad do phróisis cháilíochta ag an gcéim seo ag cur baic ar inniúlacht EASO a gníomhaíochtaí cáilíochta a chur chun feidhme agus an bhunsraith a leagan don obair a dhéanfar sa réimse seo amach anseo. Mar shampla, ciallóidh laghdú ar bhuiséad cáilíochta 2013, mar atá iarrtha ag EASO, ó EUR 570 000 go EUR 450 000 go mbeidh an buiséad á laghdú EUR 50 000 i gcomparáid le buiséad 2012.*
- *Tá fostú beirt saineolaithe ábhair le tacú le forbairt ábhar cáilíochta agus chun ceithre chruinniú éagsúil a eagrú (dhá chruinniú do gach réimse*

*téamach) fágtha ar leataobh i láthair na huaire. Bheadh sé seo mar bhonn le scóip thacaíocht EASO a laghdú i réimse na cáilíochta i rith 2013.*

- *Beidh tionchar ag laghdú suntasach ar an mbuiséad leithdháilte d'fhoilsiú ábhar cáilíochta EASO ar líon foilseachán EASO, a bheidh á bhfoilsiú trí Bhéarla amháin.*

## 3.3. Faisnéis na Tíre Tionscnaimh

I rith 2013, déanfaidh EASO tuilleadh forbartha ar inniúlacht Fhaisnéis na Tíre Tionscnaimh (COI) de réir na bparaiméadar seo a leanas – féidearthacht, éifeachtacht, comhroinnt dualgas agus comhchuibhiú. I bhfianaise gurb ionann infhaighteacht agus saineolas ar Fhaisnéis na Tíre Tionscnaimh agus ceann de chlocha coirnéil na cinnteoireachta i gcásanna tearmainn agus, dá réir sin, go bhféadfadh sé comhchuibhiú a fheabhsú, is uirlis thábhachtach é tacaíocht leanúnach i réimse COI i gcur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn.

Ag cur leis an obair atá déanta ag tascfhórsa COI agus meithleacha oibre COI i rith 2011 agus 2012, reáchtálfar cruinniú bliantúil ardleibhéil COI agus lucht déanta beartas le ceisteanna atá ag teacht chun cinn a phlé agus chun ionchur a sholáthar do ghníomhaíochtaí COI EASO i rith na bliana.

Leanfaidh cuid de mheithleacha oibre COI lena gcuid oibre i 2013.

**Cuspóirí do 2013:**

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thairseach COI idir Ráithe I go IV, lena n-áirítear:
  - gnéithe feabhsaithe a chur chun feidhme agus é mar aidhm freagairt do riachtanais dhifriúla Bhallstáit an AE agus ag an am céanna a bheith féideartha, éifeachtach agus a bheith in ann comhchuibhiú a fheabhsú;
  - bunachar sonraí/stórtha náisiúnta agus bunachar sonraí/stórtha ábhartha eile a nascadh le tairseach COI; agus
  - tuilleadh forbartha agus seachadta oiliúna bainteach le tairseach COI.
- Tuarascálacha COI EASO:
  - nós imeachta caighdeánaithe maidir le cinneadh inneachair a chur chun feidhme (sonraí staitistiúla, dlí agus COI san áireamh) i gcomhthéacs thuarascálacha COI;
  - dhá thuarascáil COI EASO, ar a laghad, a chríochnú agus a fhoilsiú i Ráithe II agus III;
  - dhá chruinniú, ar a laghad, a reáchtáil i ndiaidh fhoilsiú thuarascálacha COI i Ráithe III agus IV; agus
  - comhdháil bhliantúil COI a reáchtáil do shaineolaithe agus do bhreithiúna COI i Ráithe IV.
- Aonad COI EASO:
  - Aonad COI a threisiú trí bhreis foirne a earcú i Ráithe I agus II;
  - tuilleadh comhdhlúthaithe a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus ar uirlisí dea-chleachtais le creat EASO COI (m.sh. Eurasil, urraíocht Eorpach na Tíre Tionscnaimh (ECS), Deasc Shealadach na hIaráice (TDI), Faisnéis Leighis na Tíre Tionscnaimh (MedCOI));
  - comhdháil COI amháin ar ábhar faoi leith COI i ndlúthchomhairle leis na Ballstáit i Ráithe II/III;
  - tuilleadh forbartha a dhéanamh ar threoirlínte maidir le misin aimsithe fíoras (FFManna) agus b'fhéidir tacú le FFManna Ballstát; agus
  - ceardlanna a eagrú do thíortha ar leith i rith gach Ráithe go dtí Ráithe IV (sainmhínithe faoi roinn ar chomhar praiticiúil EASO)

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní earcófar comhalta foirne amháin le déileáil le ceisteanna a bhaineann le COI.*
- *Ní chuirfear críoch le nó ní fhoilseofar tuarascáil COI EASO amháin, a chiallóidh nach mbeidh ach tuarascáil COI EASO amháin á foilsiú in aghaidh na bliana ach ag an am céanna go mbeidh níos mó éilimh ar thuarascálacha agus níos mó solúbthachta le tabhairt faoi deara i rith na bliana, mar fhreagairt ar chás-ualaí. Ní reáchtálfar cruinniú leantach ar bith.*
- *Ní reáchtálfar comhdháil COI.*

## 3.4. Liosta EASO na dTeangacha Infhaighte

De réir chinneadh an Bhoird Bhainistíochta an 2 Feabhra 2012, tá liosta de theangacha infhaighte bunaithe ag EASO. I gcoitinne, tá sé de dhualgas ar gach Ballstát inniúlachtaí léirmhínithe a sholáthar dá agallaimh tearmainn féin. Tá tacaíocht teangacha EASO dírithe ar na nithe seo a leanas:

a) Liosta Easo na dTeangacha Infhaighte a fhoilsiú i ngach Ballstát;

b) i gcásanna éigeandála, na socruithe riachtanacha a sholáthar má theastaíonn teangacha sonracha d'agallaimh tearmainn; agus

c) obair a dhéanamh chun teicneolaíochtaí nua slána agus cost-éifeachtacha a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta fadraoin a aithint.

Bunófar teagmhálacha a bhaineann le Liosta na dTeangacha Infhaighte trí liosta pointí fócais na

bpointí teagmhála náisiúnta le haghaidh ceisteanna léirmhínithe.

**Cuspóirí do 2013:**

- Liosta EASO na dTeangacha Infhaighte a nuashonrú idir Ráithe I agus IV.
- Teicneolaíochtaí nua slána agus cost-éifeachtacha a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta fadraoin a aithint.
- Meastóireacht a dhéanamh ar thaithí ar úsáid Liosta EASO na dTeangacha Infhaighte i Ráithe III/IV.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní reáchtálfar cruinniú NCP le pointí fócais do cheisteanna léirmhínithe i 2013.*
- *Cuirfear srian ar shuirbhé ar theicneolaíochtaí nua slána agus cost-éifeachtacha a bhaineann le seirbhísí ateangaireachta fadraoin.*

## 3.5. Comhar praiticiúil EASO

Tugadh Eurasil ar láimh ón gCoimisiún Eorpach chuig EASO i lár Mhárta 2012 i rith cruinnithe iomlánach sa Bhruiséil.

I rith 2012, rinne meitheal oibre, dar teideal Comhar Praiticiúil EASO, iniúchadh ar cheachtanna a foghlaimíodh ó na gníomhaíochtaí, modheolaíochtaí agus uirlisí a bhaineann le Eurasil agus gréasáin speisialaithe eile, mar aon le coincheap nua gréasáin faoi chomhar praiticiúil a dhearadh. Déileálann comhar praiticiúil EASO le raon leathan ceisteanna COI, beartais, dlí agus teicniúil. Freastalaíonn sé ar ghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear cinnteoirí, oifigigh COI, oifigigh dlí, comhaltaí binsí agus cúirteanna, agus lucht acadúil.

Tá bearta comhair phraiticiúil EASO deartha le freagairt do thrí chineál tacaíochta EASO:

- tacaíocht bhuan – inniúlacht, cáilíocht agus saineolas a fhorbairt sna Ballstáit;
- tacaíocht speisialta – déileáil le riachtanais shonracha; agus
- tacaíocht éigeandála – tacaíocht láithreach a sholáthar sa chás go mbíonn brú ar leith i gceist.

Is é an aidhm atá ann córas a bhunú atá in ann freastal ar riachtanais ghearrthréimhseacha (tacaíocht éigeandála) agus ar thacaíocht fhadtréimhseach san am céanna (tacaíocht speisialta agus bhuan).

I rith 2013, eagróidh EASO uasmhéid ceithre cheardlann ar chomhar praiticiúil faoi COI agus ceisteanna beartais, dlí agus teicniúil agus lánchruinniú.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní reáchtálfar dhá cheardlann thír-shonracha (sainmhínithe thuas) ainneoin an-éileamh a bheith ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Ballstáit ar fhreagairtí solúbtha EASO do staideanna síor-athraitheacha (m.sh. cruinnithe EASO na Siria i 2012).*

## 3.6. Cláir shainiúla

Glacfaidh EASO páirt i gcláir agus i ngníomhaíochtaí sainiúla laistigh den réimse sannta tearmainn. Is i gcomhthéacs clár a eascraíonn ón gCoimisiún Eorpach agus/nó comhar idirghníomhaireachta a eagrófar a leithéid.

### 3.6.1. Gníomhartha EASO sa Phlean Gníomhaíochta do mhionaoisigh neamhthionlactha

I 2013 díreofar den chuid is mó ar na dualgais atá sannta ar EASO faoin bPlean Gníomhaíochta (COM(2010) 213 críochnaitheach, 6.5.2010) agus ar fhorbairt agus ar chomhdhlúthú cur chuige EASO i ndáil le cáilíocht. Sa Phlean Gníomhaíochta, a bheidh bailí don tréimhse ó 2010–14, seo a leanas na tascanna atá sannta ar EASO:

- feabhas suntasach ar mhalartú faisnéise faoi mhionaoisigh neamhthionlactha (UM);
- bailiú sonraí agus forbairt COI agus anailíse chun riachtanais chosanta UM a mheas agus é mar aidhm tacú le cinntí cáilíochta níos fearr;
- monatóireacht a dhéanamh ar UM ar iarrthóirí tearmainn iad;
- dea-chleachtais a fhorbairt maidir le coinníollacha glactha, nósanna imeachta tearmainn agus comhtháthú UM; agus
- cáipéisíocht theicniúil maidir le measúnú aoise, gníomhaíochtaí oiliúna san áireamh, oiliúint agus lámhleabhar sainiúil maidir le measúnú aoise a fhorbairt.

**Cuspóirí do 2013:**

- Leanúint le roinnt faisnéise agus monatóireacht UM EASO a fhorbairt agus é mar aidhm tacú le Ballstáit le faisnéis maidir le UM agus rianú teaghlaigh a bhailiú agus a mhalartú idir Ráithe I agus II.
- Lámhleabhar maidir le measúnú aoise a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí cruinnithe faoi UM agus measúnú aoise, lena n-áirítear:

  - athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí cruinnithe faoi UM agus measúnú aoise i Ráithe I; agus
  - lámhleabhar faoi mheasúnú aoise a sheachadadh idir Ráithe II agus III.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint agus ar mhodúil EASO a bhaineann le UM, lena n-áirítear:
  - an modúl dar teideal 'Leanaí a chur faoi Agallamh' a nuashonrú i Ráithe I; agus
  - athbhreithniú a dhéanamh ar oiliúint/modúil eile EASO a bhaineann le UM ábhartha do gach Ráithe idir I agus IV.
- Oibriú leis an gCoimisiún Eorpach, Ballstáit, UNHCR agus páirtithe leasmhara eile chun dea-chleachtais a bhaineann le coinníollacha fáiltithe agus nósanna imeachta tearmainn a fhorbairt.
- Tacú le Ballstáit cleachtais rianaithe teaghlaigh a fhorbairt idir Ráithe III agus IV.
- Oibriú i ndlúthchomhar le COI, aonaid oiliúna, cháilíochta agus oibríochtúla d'fhonn a chinntiú go ndéileáiltear le bearta a bhaineann le Plean Gníomhaíochta an AE ar mhionaoisigh neamhthionlactha laistigh de chroí-fheidmeanna EASO ar bhonn leanúnach de réir riachtanas gnó idir Ráithe I agus IV.

Tá faisnéis maidir le tionchar shrianta buiséid 2013 ar ghníomhartha EASO maidir le Plean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh do mhionaoisigh neamhthionlactha, le fáil i gCaibidil 3.2, 'Próisis cháilíochta'.

### 3.6.2. Gáinneáil ar dhaoine

Tá cur chuige comhordaithe maidir le gáinneáil ar dhaoine (THB) á bhunú i gcomhar leis an gCoimisiún Eorpach mar chuid de chomhar idirghníomhaireachta. Mar chuid dá gníomhaíochtaí tacú le forbairt an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn, tá EASO dírithe ar ghrúpaí leochaileacha laistigh de shreafaí measctha imirce. Is grúpa speisialta laistigh de ghrúpaí leochaileacha sa phróiseas tearmainn iad íospartaigh ionchasacha sa phróiseas tearmainn. D'fhonn a chinntiú go mbeidh tuiscint níos fearr ag oifigigh thearmainn ar conas íospartaigh THB a bhrath agus a iarchur, áireofar uirlisí agus faisnéis mar chuid d'fhorbairt inniúlachta i mbosca uirlisí EASO, i modúil oiliúna agus i lámhleabhair mar shampla.

Déanfaidh EASO iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann leis an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta a úsáid chun anailís a dhéanamh ar threochtaí i sreafaí THB san AE agus coinneofar an comhordaitheoir neamhgháinneála ar an eolas maidir le cur chun feidhme na dtionscnamh seo. Is ionann an córas luathrabhaidh agus léargas réigiúnach agus anailís ar threochtaí agus ar fhachtóirí brú agus tarraingthe, mar aon le cásanna riosca. D'fhéadfaí ullmhacht a úsáid mar uirlis chun neamhéifeachtúlachtaí sna córais chosanta a bhrath agus i ndeireadh na dála d'fhéadfaí í a úsáid mar uirlis chun riachtanas oiliúna agus tacaíochta forbartha inniúlachta sna Ballstáit a aithint.

# 4. Tacaíocht speisialta

Féadfar tairbhe a bhaint as Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta EASO chun léargas a thabhairt ar an ngá atá le tacaíocht speisialta a sholáthar do Bhallstáit AE dá gcórais tearmainn. D'fhéadfadh sé seo a bheith mar bhonn le tacaíocht speisialta a thabhairt do Bhallstáit sa chás go bhféadfadh brú áirithe a bheith ann – lena n-áirítear tacaíocht a sholáthar maidir le roinnt réimsí agus cáilíocht an phróisis tearmainn a fheabhsú tuilleadh i gcomhthéacs an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn.

Cuimsíonn tacaíocht speisialta:

- tacaíocht saincheaptha,
- forbairt inniúlachta, agus
- athlonnú.

## 4.1. Tacaíocht shaincheaptha agus forbairt inniúlachta

Tá an Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta deartha chun forléargais agus cásanna riosca a sholáthar do Bhallstáit AE a bhféadfadh tionchar a bheith ag oll-insreabhadh iarrthóirí tearmainn orthu nó a bhféadfaidís riachtanas speisialta a chruthú dá gcóras tearmainn. Mar thoradh ar aschur an chórais, pléifidh EASO agus an Ballstát i gceist an gá atá le tacaíocht speisialta EASO laistigh de leagan amach an phlean tacaíochta speisialta.

Má iarrann Ballstát, beidh EASO réidh le tacaíocht maidir le gníomhaíochtaí sainiúla a thairiscint, ar aon dul lena rialachán bunaidh. Soláthrófar tacaíocht shaincheaptha i ndiaidh na staide a mheas sa Bhallstát agus plean speisialta tacaíochta a dhréachtú. Beidh cur chun feidhme na tacaíochta saincheaptha á phleanáil de réir an phlean comhaontaithe. I measc na ngníomhaíochtaí cur chun feidhme a d'fhéadfadh a bheith i gceist tá imscaradh saineolaithe EASO, oiliúint agus bearta tacaíochta eile. Agus inniúlacht Ballstát á forbairt i rith na tacaíochta speisialta, díreoidh EASO ar na réimsí sin a bhí criticiúil tráth déanta an iarratais chun tacaíocht speisialta a neartú. I ndeireadh na dála, is é an aidhm atá le tacaíocht speisialta a chinntiú go mbeidh an córas tearmainn in ann déileáil le haon bhrú a bheidh ann amach anseo.

## 4.2. Athlonnú

Ó tharla níos mó béime a bheith á leagan san ionstraim seo ar dhlúthpháirtíocht idir Ballstáit, baileoidh agus scaipfidh EASO taithí agus dea-chleachtais bailithe idir 2011 agus 2012, i rith an treoirthionscadail a bhaineann le hathlonnú ó Mhálta (Eurema) laistigh den AE. Ag féachaint do chumarsáid an Choimisiúin ar dhlúthpháirtíocht feabhsaithe laistigh den AE sa réimse tearmainn (COM(2011) 835 críochnaitheach, 2.12.2011), tacóidh EASO le haon fhorbairt bhreise ar ghníomhaíochtaí athlonnaithe i measc Ballstát i 2013, ag cur leis an taithí atá faighte i ndiaidh meastóireacht a dhéanamh ar Eurema agus ar ghníomhaíochtaí athlonnaithe déthaobhacha eile i Málta curtha i gcrích ag an gCoimisiún Eorpach i gcomhar le Ballstáit rannpháirteacha agus EASO i rith 2012. Ar aon dul lena rialachán bunaidh, tacóidh EASO le tuilleadh forbairtí i réimse an athlonnaithe a bhféadfaí comhaontú orthu ag leibhéal AE.

**Cuspóirí do 2013:**

- Malartú faisnéise agus dea-chleachtas maidir le hathlonnú a eagrú.
- Modheolaíochtaí agus uirlisí do thacaíocht EASO do chur chun feidhme athlonnaithe a shainmhíniú
- Ról tacaíochta a bheith aici sna tionscadail fhéideartha athlonnaithe ag leibhéal AE.
- Dhá chruinniú saineolaithe a eagrú (Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, UNHCR, Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM) agus páirtithe ábhartha eile) idir Ráithe II agus IV.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní reáchtálfar cruinniú saineolaithe amháin faoi athlonnú.*

# 5. Tacaíocht éigeandála

Soláthrófar tacaíocht éigeandála ar iarratas ó Bhallstát sa chás go mbíonn brú áirithe ar Bhallstát, i ndiaidh do EASO an staid a mheas. Chuige seo, d'fhéadfaí saineolaithe ó Bhallstáit AE atá páirteach sa Chomhthiomsú Idirghabhála Tearmainn a imscaradh sa Bhallstát ina bhfuil brú áirithe freisin. Os a choinne sin, féadfar tacaíocht eile, córais fáiltithe mar shampla, a sholáthar freisin.

Is ionann conclúidí na Comhairle maidir le creat coiteann le haghaidh dlúthpháirtíocht dhílis agus phraiticiúil mar aon le cumarsáid na Comhairle ar dhlúthpháirtíocht feabhsaithe laistigh den AE agus deis do EASO lánúsáid a bhaint as a shainordú tacú le Ballstáit atá ag déileáil le brú áirithe agus comhoibriú le comhlachtaí ábhartha, dála Frontex, lena leithéid sin de thacaíocht a sholáthar.

Déanfar cur síos ar na gníomhaíochtaí difriúla agus ar ullmhacht i staideanna éigeandála sa chaibidil seo.

## 5.1. Comhthiomsú Idirghabhála Tearmainn

Ar aon dul le forálacha Airteagal 15 de rialachán EASO, tá Comhthiomsú Idirghabhála Tearmainn (AIP) bunaithe. Is é an aidhm atá le AIP ná bunachar sonraí ina bhfuil sonraí saineolaithe atá ar fáil le himscaradh i mBallstáit an AE nuair a bhíonn brú áirithe i gceist a choimeád. Go dtí seo, tá 13 phróifíl san áireamh in AIP, próifílí ar chomhaontaigh Bord Bainistíochta EASO orthu (Cinneadh Uimh 3, 4 Feabhra 2011). I láthair na huaire, (Meitheamh 2012) tá 345 saineolaí as 21 Ballstát AE páirteach in AIP. Tá pointí teagmhála sna Ballstáit, sa Choimisiún Eorpach agus in UNHCR ceaptha chun cumarsáid a dhéanamh le EASO i ndáil le ceisteanna a bhaineann le foirne tacaíochta tearmainn. A dhála sin, is í EASO atá ainmnithe mar Phointe Teagmhála an Aontais.

**Cuspóirí do 2013:**

- Infheidhmitheacht AIP a chinntiú trí phróifílí na saineolaithe a shainmhíniú go soiléir agus iad a nuashonrú i mbunachar sonraí. I bhfianaise na gceachtanna atá foghlamtha go dtí seo, d'fhéadfaí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras atá ag tacú le AIP.

- Cruinniú amháin NCPanna AIP (don Chomhthiomsú Idirghabhála Tearmainn) a eagrú i Ráithe III.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní reáchtálfar cruinniú breise amháin AIP NCP.*

## 5.2. An Ghréig – Ag tacú le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta um imirce agus um thearmann agus cur chun feidhme an phlean oibriúcháin

I 2013, leanfaidh EASO lena gníomhaíochtaí éigeandála sa Ghréig, ag cur lena gníomhaíochtaí leanúnacha ansin. Ar aon dul le forálacha an phlean oibriúcháin, leanfar le gníomhaíochtaí EASO sa Ghréig go dtí an 1 Aibreán 2013, ar a laghad. Is éard a bheidh sna gníomhaíochtaí seo tacaíocht shaincheaptha agus/nó ar an talamh don chéad seirbhís fáiltithe, seirbhís tearmainn agus údarás achomhairc sa Ghréig mar aon leis an Aireacht Saothair, Slándála Sóisialaí agus Leasa. Ag brath ar iarratas rialtas na Gréige, féadfaidh EASO a hoibríochtaí a atheagrú nó a mhéadú go solúbtha, de réir Airteagal 10 de rialachán EASO.

Beidh gníomhaíochtaí EASO bunaithe ar na moltaí a eascraíonn ó na misin chomhpháirteacha aimsithe fíoras a bheidh faoi stiúir an Choimisiúin Eorpaigh. Is cuid den chúnamh ar fad a sholáthraíonn an tAontas Eorpach don Ghréig obair EASO. Cuirfidh EASO a gníomhaíochtaí i gcrích sa Ghréig ar bhonn trédhearcach agus i ndlúthchomhar le Frontex agus le UNHCR de réir chomhordú an Choimisiúin Eorpaigh.

## 5.3. Ullmhúchán don tacaíocht éigeandála

Má thagann staid éigeandála nua chun cinn mar gheall ar bhrú ar leith ar chóras tearmainn Bhallstát AE, agus má lorgaíonn an Ballstát sin tacaíocht, ba cheart go mbeadh EASO réidh le tacaíocht a thairiscint, ar aon dul le rialachán EASO. Beidh a leithéid sin de thacaíocht á soláthar ag EASO i ndlúthchomhar le Frontex, UNHCR, IOM agus an Coimisiún Eorpach. Sa chomhthéacs seo, bunóidh EASO nósanna imeachta do chomhar i staideanna éigeandála. San áireamh i dtacaíocht éigeandála EASO d'fhéadfadh go mbeadh tacaíocht sa réimse fáiltithe agus i gcórais tearmainn, oiliúint tearmainn, cáilíocht nósanna imeachta tearmainn, tacaíocht chun córais Fhaisnéis na Tíre Tionscnaimh a fhorbairt agus tacaíocht theicniúil, s.rl.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ainneoin go mbeidh acmhainní buiséid ag EASO le freagairt d'iarratais ó Bhallstáit faoi bhrú áirithe, beidh an méid seo srianta agus ní thabharfaidh sé deis ach do EASO tacaíocht éigeandála a sholáthar laistigh de na paraiméadair luaite.*

# 6. Tacaíocht anailíse agus faisnéise

## 6.1. Tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE

Beidh EASO ag tuairisciú ar an gcás tearmainn atá i gceist san AE agus ar chion oibre EASO ar éifeachtúlacht agus comhleanúnachas chur i bhfeidhm an Chómhchórais Eorpaigh Tearmainn i rith 2012. I bhfianaise na gceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí na chéad tuarascála bliantúla ag EASO (2011), cuirfear modheolaíocht nua i bhfeidhm chun ábhar a chinneadh, eolas a sholáthraíonn na Ballstáit, an Coimisiún agus an tsochaí shibhialta a bhailiú agus a phróiseáil, agus ar uainiú agus an nós imeachta comhairliúcháin.

Déanann EASO a ndícheall dúbláil le tuarascálacha bliantúla eile a sheachaint. Bíonn sí ag comhoibriú le Líonra Imirce na hEorpa (EMN) agus leis an gCoimisiún Eorpach ar shraith an tuairiscithe agus cinntíonn sí go mbíonn na tuarascálacha a fhoilsíonn siad comhlántach.

**Cuspóir do 2013:**

- Foilseofar an tuarascáil bhliantúil ar staid an tearmainn san AE i Ráithe II.
- Seolfar an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO go dtí Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Cúirt na nIniúchóirí agus an Coimisiún Eorpach i rith Ráithe II, ach roimh 15 Meitheamh. Cuirfear an tuarascáil bhliantúil ar fáil go poiblí agus aistreofar í go teangacha oifigiúla uile an AE.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní eagrófar aon chruinniú saineolaithe ar an tuarascáil ar an gcás tearmainn san AE.*

## 6.2. Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta

I gcomhréir le hAirteagail 9(3) agus 11 de rialachán EASO, agus aird ar chur i bhfeidhm Airteagal 31 de Rialachán Bhaile Átha Cliath amach anseo, déanfaidh EASO feabhsú breise i rith 2013 ar an gcóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta ar chuir sí tús lena fhorbairt i rith 2012. Agus gníomhú an AE ar bhrú imirce agus conclúidí na Comhairle ar chomhchreat do dhlúthpháirtíocht fhírinneach agus phraiticiúil á gcur san áireamh, déanfaidh EASO beachtú ar an meicníocht chun sonraí a bhailiú ar chórais tearmainn na mBallstát agus tógáil nós imeachta measúnaithe riosca. Má luaitear é, beidh EASO in ann bearta tráthúla coisctheacha agus ullmhúcháin a thairiscint trí thacaíocht speisialta.

Leis an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta á úsáid aici, soláthraíonn EASO réamhaisnéis ar shruthanna féideartha ó thríú tíortha. Anuas air sin, ligeann bailiú leanúnach sonraí ar chúrsaí tearmainn ó Bhallstáit measúnú a dhéanamh ar chumas na mBallstát déileáil le teacht isteach na n-iarrthóirí tearmainn a thagann chucu agus cumasaíonn sé brath luath bearnaí agus riachtanas, rud a ligeann do ghníomhú éifeachtúil agus tráthúil tarlú. Le haird á tabhairt ar ról ríthábhachtach EASO i ngach céim de Shásra Luathrabhaidh Bhaile Átha Cliath – príomhsholáthraí an luathrabhaidh i gcás brú speisialta – cinntiú tacaíochta do Bhallstáit sa chéim ullmhachta agus ar bhainistiú géarchéime, tá sé ríthábhachtach go mbunófaí struchtúr slán.

I 2013, cinnteoidh EASO, i ndlúthchomhar leis an gCoimisiún Eorpach, Frontex, UNHCR agus comhpháirtithe eile, go mbeidh a Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta ag oibriú i gcomhréir leis na córais monatóireachta agus rabhaidh atá ann cheana, lena n-áirítear:

1. foláirimh luatha bunaithe ar mhalartú faisnéise;
2. measúnú riosca ar an gcás criticiúil a bheidh aitheanta i rith na chéad chéime; agus
3. tuartha agus nósanna imeachta a chuirfidh leis an measúnú ar na huirlisí i bhfoireann uirlisí EASO a úsáidfear ar iarratas ó Bhallstáit.

Bainfear é seo amach, mar shampla, trí fhorbairt forbhreathnú an AE agus dearcaí réigiúnacha, uirlisí le haghaidh anailís ar threochtaí, tuarascálacha straitéis fócais ar ualaí cáis ar leith de réir Tír Thionscnaimh, táscairí a bhraithfidh feidhmíocht córas náisiúnta tearmainn agus measúnú riosca a d'fhéadfadh an brú coibhéiseach ar Bhallstáit a mheas.

Anuas air sin, i 2013 beidh an córas Pointe Teagmhála Naisiúnta le haghaidh sonraí agus anailís bunaithe go hiomlán agus leathnófar comhar leis na páirtithe leasmhara go léir agus forbrófar é ar bhonn níos doimhne.

# 7. Tacaíocht tríú tíre

Forbrófar na gníomhaíochtaí ar athshocrú agus an ghné sheachtrach laistigh de chreat buiséid agus foirne srianta. Níl ach EUR 150,000 ar fáil le haghaidh an ghrúpa gníomhaíochtaí seo (Féach cuid 4.2 i gCaibidil 4, 'Tacaíocht speisialta') agus úsáidfear é seo go príomha le haghaidh na ngníomhaíochtaí athlonnaithe a bhfuil cur síos orthu sa chuid sin.

## 7.1. Athshocrú

Ós rud é go bhfuil níos mó Ballstát ag forbairt clár athshocraithe, ba chóir go neartódh EASO a ról i ngníomhaíochtaí comhordaithe maidir le hathshocrú, go háirithe malartú faisnéise. De réir thogra an Choimisiúin rialachán a cheapadh chun ciste nua tearmainn agus imirce a bhunú le haghaidh 2014–20 (COM(2011) 751 críochnaitheach), cuirfear buiséad méadaithe EUR 560 milliún ar fáil le haghaidh athshocraithe. Maidir le 2013, tá gníomhaíochtaí EASO ina leith seo thar a bheith teoranta mar gheall ar shrianta foirne agus buiséid.

**Cuspóirí do 2013:**

- Malartú faisnéise agus dea-chleachtas ar athshocrú agus cur i bhfeidhm clár cosanta réigiúnach a eagrú.
- Modheolaíochtaí agus uirlisí a shainmhíniú do thacaíocht EASO i leith cur chun feidhme chomhchláir athshocraithe an AE.
- Cruinniú amháin saineolaithe a eagrú (Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, UNHCR, IOM agus comhpháirtithe ábhartha eile) i Ráithe III.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní bheidh EASO in ann tuilleadh cruinnithe ná fóraim saineolaithe le haghaidh malartú faisnéise a eagrú.*

## 7.2. Gné sheachtrach agus tacaíocht tríú tíre

Mar chuid dá shainordú, tacaíonn EASO leis an ngné sheachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn, mar shampla, trí thacú le tíortha tionscnaimh, trasdul agus filleadh. De réir 'Plean Gníomhaíochta an AE ar bhrúnna imirceacha – Freagra straitéiseach' *[EU Action Plan on migratory pressures – A strategic response]* in Aibreán 2012, tugadh cuireadh do EASO cur leis an gcumas tearmainn a thógáil i dtíortha theas na Meánmhara. Lena chois sin, leanfaidh sí ag rannchuidiú laistigh de chreat chomhpháirtíochtaí soghluaisteachta an AE (go háirithe leis an Túinéis agus Maracó), i gcomhréir le cumarsáid an Choimisiúin ar an 'gcur chuige domhanda i leith imirce agus soghluaisteacht', (COM)2011) 743 críochnaitheach).

Tasc eile atá sannta ar EASO ag an gComhairle CGB ná cur le measúnú ar an tionchar ionchasach ar imirce agus rioscaí do shlándáil inmheánach an AE, sula seolfar plé chun an córas víosaí le tríú tíortha a léirscaoileadh, chomh maith le cur leis an monatóireacht leanúnach ar éifeachtaí na réimeas reatha gan víosaí atá i gceist le tríú tíortha.

Tá cur síos ar thasc EASO maidir leis an ngné sheachtrach i rialachán EASO agus tá sainmhíniú breise déanta uirthi i ndoiciméid éagsúla an Choimisiúin Eorpaigh.

Déanfar gach gníomhaíocht de chuid EASO maidir leis an ngné sheachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn trí chomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach, i gcomhréir le hAirteagal 49(2) de rialachán EASO.

I 2013, tosóidh EASO ag pleanáil don malartú faisnéise agus do ghníomhaíochtaí eile sa réimse seo.

Maidir le 2013, mar thoradh ar acmhainní teoranta buiséid ní bheidh ach líon teoranta gníomhaíochta ar siúl ag EASO i réimse na gné seachtraí. Tosóidh EASO ag pleanáil a tascanna agus a ról amach anseo sa ghné sheachtrach; beidh sí páirteach chomh maith sa phlé, mar shampla, le tíortha na hAfraice thuaidh. Cuirfidh EASO freisin le comhoibriú i ngníomhaíochtaí oiliúna faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, laistigh de scóip Phróiseas Phrág. Ach ní chuirfear aon ghníomhaíochtaí oibriúcháin i bhfeidhm.

**Cuspóirí do 2013:**

- Forbairt inniúlachta i gcúig thír chomharsanachtaa bhfuil sruthanna imirceacha ag teacht uathu go dtí an AE, agus, mar shampla, saineolaithe na mBallstát á n-úsáid, saineolaithe ag obair ar thionscadail agus tacaíocht EASO ar an talamh.
- Cruinniú amháin a eagrú (Ballstáit, an Coimisiún Eorpach, UNHCR, IOM agus comhpháirtithe ábhartha eile) i Ráithe III.

**De bharr srianta buiséid i 2013:**

- *Ní bheidh EASO in ann tacú go díreach le cláir forbartha inniúlachta agus cosanta réigiúnaí (RPP) i dtríú tíortha.*

# 8. Líonra agus creat EASO

Timpeallacht EASO:




## 8.1. Bord Bainistíochta

I gcomhréir le hAirteagal 29(1) de rialachán EASO, cinnteoidh Bord Bainistíochta EASO go gcuirfidh EASO na dualgais atá sannta uirthi i gcrích. Tá tascanna ar leith ag an mBord Bainistíochta a bhaineann le glacadh le tuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san AE, tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil EASO, clár oibre bliantúil EASO, buiséad EASO agus plean an bheartais foirne ilbhliantúil EASO.

Pléitear staid an tearmainn san AE, gníomhaíochtaí ar leith atá ar siúl ag EASO ar nithe a bhaineann le tacaíocht bhuan, tacaíocht speisialta, tacaíocht éigeandála, an Córas Luathrabhaidh agus Ullmhachta agus an Fóram Comhairleach chomh maith i ngach cruinniú de chuid an Bhoird Bhainistíochta.

I 2013, tá sé i gceist ag EASO ceithre chruinniú den Bhord Bainistíochta a eagrú. D’fhéadfaí cruinnithe *ad hoc* den Bhord Bainistíochta a eagrú más gá.

## 8.2. Líonra comhair EASO

### 8.2.1. Comhar le Parlaimint na hEorpa, Comhairle na nAirí agus an Coimisiún Eorpach

Is gníomhaireacht neamhspleách rialaitheach í EASO agus tuairiscíonn sí go díreach do Choimisinéir an AE freagrach as Gnóthaí Baile agus don Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Baile. Déanfar naisc chomhair láidre a chothabháil leis an gCoimisiún Eorpach maidir le gach gníomhaíocht a bhíonn ar siúl ag EASO. Sula nglacann Bord Bainistíochta EASO le doiciméid ábhartha, tugtar cuireadh don Choimisiún Eorpach a thuairim a nochtadh ar chlár oibre bliantúil, buiséad agus plean an bheartais foirne ilbhliantúil de chuid EASO.

Seolann EASO a clár oibre bliantúil agus a tuarascáil ghníomhaíochta bhliantúil chuig Parlaimint na hEorpa, Comhairle na nAirí agus an Coimisiún Eorpach gach bliain. Tuairiscíonn EASO do Chomhairle na nAirí agus tugtar cuireadh go rialta don Stiúrthóir Feidhmiúcháin tuairisciú a dhéanamh don Chomhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn. Thairis sin, tuairiscíonn EASO do Pharlaimint na hEorpa agus tugtar cuireadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin clár oibre EASO a chur faoi bhráid na Parlaiminte, in éineacht le hábhair ar leith a bhaineann le hobair EASO.

### 8.2.2. Comhar le UNHCR agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile

I gcomhlíonadh a cuid tascanna, oibríonn EASO i ndlúthchomhar le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) agus le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta amhail an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM).

Comhoibríonn EASO go dlúth le UNHCR i ngach réimse atá cuimsithe ag rialachán EASO agus tá UNHCR páirteach in obair EASO. Lena chois sin, tá oifig idirchaidrimh bhuan ag UNHCR lonnaithe i Málta. I 2013, neartóidh EASO comhar le UNCHR a thuilleadh, go háirithe maidir le hoiliúint, próisis cháilíochta, mionaoisigh neamhthionlactha, athshocrú, an ghné sheachtrach den Chomhchóras Eorpach Tearmainn agus réimse na tacaíochta speisialta agus éigeandála. Leanfar de chomhar struchtúrtha, go háirithe maidir le rannpháirtíocht UNHCR ar Bhord Bainistíochta EASO mar chomhalta gan vóta, agus i bhFóram Comhairleach EASO chomh maith. Thairis sin, tabharfar cuireadh do UNHCR, nuair is ábhartha é, freastal ar chruinnithe de mheithleacha oibre EASO.

Beidh EASO i ndlúth-theagmháil freisin le heagraíochtaí ábhartha idirnáisiúnta eile atá ag obair i réimsí a bhaineann lena réimse gníomhaíochta, amhail Comhairle na hEorpa, GDISC (Comhdháil Ard-Stiúrthóirí na Seirbhísí Inimirce), an IGC (Comhairliucháin Idir-rialtasacha ar Imirce) agus IOM. Tugann EASO faoi mhalartú tuairimí go rialta agus cuireann sí le hobair Chomhairle na hEorpa. Cuireann EASO go gníomhach le hobair GDISC agus tugtar cuireadh di teacht agus a cuid oibre a chur i láthair ag na comhdhálacha agus ceardlanna éagsúla de chuid GDISC. I mí na Bealtaine 2012, dearbhaíodh an comhar frithpháirteach leis an IGC i mBabhta Iomlán an IGC. Is minic a thugtar cuireadh do EASO chuig roinnt meithleacha oibre den IGC, ón COI mar shampla, agus tugtar cuireadh don Stiúrthóir Feidhmiúcháin chuig Babhta Iomlán an IGC.

### 8.2.3. Comhar le breathnóirí agus tíortha comhlachaithe

I gcomhréir lena rialachán, tá tús curtha ag EASO le comhar oibriúcháin leis an Danmhairg. Tugtar cuireadh don Danmhairg chuig gach gníomhaíocht de chuid EASO agus bíonn sí san áireamh sa líonra le haghaidh malartú faisnéise agus dea-chleachtas. Ó 2012 i leith, tá stádas breathnóra bronnta ar an gCróit ar Bhord Bainistíochta EASO, tar éis dá conradh aontachais leis an AE a bheith sínithe ar 9 Nollaig 2011. Ina leith seo, tá an stádas céanna ag an gCróit agus atá ag an Danmhairg. Nuair a chuirfear bailchríoch le próiseas an aontachais don Chróit, beidh sí ina ball iomlán de Bhord Bainistíochta EASO.

I 2012, rinneadh idirbheartaíocht ar shocruithe oibre le tíortha comhlachaithe: an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis. I 2013, neartóidh EASO comhar leis an tíortha seo.

### 8.2.4. Comhar le Frontex, FRA agus eagraíochtaí AE eile

Baineann EASO leas as comhar láidir le gníomhaireachtaí eile an AE agus tá sí mar chuid de líonra idirghníomhaireachta. Is iad na príomhthopaicí ná malartú modhanna oibre ar riarachán. Tá EASO mar chuid den chomhar idirghníomhaireachta ar Cheartas agus Gnóthaí Baile le Frontex, FRA, Europol, Eurojust, CEPOL, an Lárionad Monatóireachta Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA) agus an Oifig Frith-Chalaoise Eorpach (OLAF).

Ar bhonn níos sainiúla, cuirfidh EASO bailchríoch ar shocruithe oibre – mura bhfuil a leithéid déanta cheana i rith 2012 – leis an FRA, Europol agus le heagraíochtaí AE eile. Tá éagsúlacht ar an gcomhar le gníomhaireachtaí AE eile ó oiliúint EASO agus malartú na ndea-chleachtas chuig malartuithe laistigh de raon Chórais Luathrabhaidh agus Ullmhachta EASO.

Shínigh Frontex agus EASO socrú oibre i Meán Fómhair 2012 agus tógfaidh siad ar an gcomhar atá ann cheana, i rith 2013. Tá comhar inbhuanaithe á bhunú ag Frontex agus EASO ar chláir oiliúna,

tionscnaimh cháilíochta agus COI. Oibreoidh siad go dlúth le chéile freisin maidir le cláir thacaíochta éigeandála ina bhfuil an dá dhream páirteach, mar shampla, an comhchúnamh a thugtar don Ghréig. Bunóidh Frontex agus EASO naisc dhlútha idir a gcuid aonad anailíseach ar an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta. Anuas air sin, nuair a fhorbraíonn EASO an ghné sheachtrach dá cuid i 2013, lorgóidh sé comhar díreach le Frontex. I 2013, cothóidh Frontex agus EASO comhar i ndáil le gníomhaíochtaí a chéile ó thaobh na sochaí sibhialta de (Fóram Comhairleach). Is ball foirmiúil d'Fhóram Comhairleach Frontex í EASO.

Anuas air sin, forbróidh FRA agus EASO ar na conarthaí reatha agus ar mhalartú dea-chleachtas agus faisnéise atá ar siúl cheana. Leanfaidh FRA de thaighde, modheolaíochtaí taighde agus bailiú sonraí comhleasa a roinnt, agus déanfaidh an dá eagraíocht iarracht comhoibriú i bhforbairt oiliúna. Beidh EASO ag lorg comhair freisin ar an gCóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta maidir le sonraí agus tuarascálacha speisialta ag FRA ar an gcás i mBallstáit ar leith. I 2013, cothóidh FRA agus EASO an comhar i ndáil le gníomhaíochtaí comhairliúcháin a chéile.

I 2013, cuirfidh Europol agus EASO leis an gcomhar eatarthu, go háirithe i réimse an Chórais Luathrabhaidh agus Ullmhachta.

Déanfaidh CEPOL agus EASO breis forbartha ar chomhar maidir le malartú modheolaíochtaí oiliúna agus tá EASO toilteanach comhoibriú laistigh de chreat na gclár malartaithe do phóilíní.

Comhordóidh EASO leis an gCoimisiún Eorpach agus an EMN, go háirithe maidir le dréachtú tuarascálacha tearmainn. Bainfidh EASO agus an EMN úsáid as na sonraí céanna ó na Ballstáit don fhaisnéis go léir, nuair a bhíonn tuarascálacha á ndréachtú, amhail tuarascáil bhliantúil EASO. Glacfaidh EASO páirt i gcruinnithe EMN NCP agus i gcruinnithe an bhoird stiúrtha agus cruinnithe téamacha ábhartha.

### 8.2.5. Comhar le lucht acadúil agus comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna

Seachas comhar leis na tsochaí shibhialta, ENRanna agus eagraíochtaí idir-rialtasacha, díríonn EASO aird ar leith ar chaidreamh leis an saol acadúil agus le comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna. Tá an saol acadúil páirteach in obair EASO trí fhóraim dhifriúla, lena n-áirítear gníomhaíochtaí forbartha oiliúna. Tá ról speisialta ag an saol acadúil chomh maith san Fhóram Comhairleach agus i gcruinnithe saineolaithe na todhchaí. Tá EASO agus comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna nasctha cheana, ós rud é go bhfuil oifigeach idirchaidrimh buan ag Cumann Eorpach na mBreithiúna Dlí Dídeánaithe (EARLI) atá lonnaithe i Málta.

## 8.3. Fóram Comhairleach

Coinníonn EASO dlúthchaidreamh leis na páirtithe leasmhara ábhartha i ngach príomhréimse beartais. Anuas air sin, is ionann Fóram Comhairleach agus meicníocht chun faisnéis a mhalartú agus feasacht a chomhchruinniú idir EASO agus na páirtithe leasmhara ábhartha. Úsáidfidh EASO ceachtanna a foghlaimíodh óna cuid taithí agus ionchur i rith 2011 agus 2012 chun an Fóram Comhairleach a fhorbairt a thuilleadh i 2013. I gcomhréir le plean oibriúcháin Fhóram Comhairleach EASO, rud ar ghlac an Bord Bainistíochta leis i rith 2012, eagróidh EASO gníomhaíochtaí comhairliúcháin éagsúla, agus réimse leathan modheolaíochtaí agus uirlisí á n-úsáid. Déanfaidh EASO tuilleadh oibre ar cheisteanna cothrománacha agus téamacha is gá a bheith léirithe trína ghníomhaíochtaí, amhail inscne, grúpaí leochaileacha agus rialú cáilíochta. Rachaidh sé i dteagmháil leis an tsochaí shibhialta le linn na céime dréachtaithe de chlár oibre 2014, le réimse uirlisí a measadh a bheith oiriúnach agus éifeachtúil go dtí seo.

Mar fhorbairt bhreise ar an 'leathanach comhairliúcháin' ar láithreán gréasáin an EASO, i rith 2013, forbróidh EASO a hardán r-chomhairliúcháin, rud a úsáidfear le haghaidh comhairliúcháin ghréasáin agus gnéithe cumarsáide eile leis na tsochaí shibhialta. Leanfaidh an tIdirlíon de bheith ar an bpríomhfheithicil le haghaidh comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta. I bhfianaise na taithí a bailíodh i rith 2012, eagrófar gníomhaíochtaí comhairliúcháin ar leith do ghrúpaí spriocdhírithe, amhail comhaltaí binsí fiosrúcháin agus cúirteanna. I dteannta leis na ceardlanna téamacha, eagróidh EASO comhdháil a bheidh dírithe go speisialta ar an tsochaí shibhialta, agus cruinniú iomlánach i Ráithe IV de 2013.

# 9. Riarachán EASO

## 9.1. Earcaíocht

I 2013, foilseoidh EASO a cuid folúntas i gcomhréir le plean an bheartais foirne ilbhliantúil faofa. Earcóidh sí 15 chomhalta foirne nua in ionad an 19 gcomhalta a tuaradh. Baineann na poist seo go díreach le cur chun feidhme príomhghníomhaíochtaí EASO agus tá siad tábhachtach don ghníomhaireacht i ndáil lena cuid cuspóirí a bhaint amach.

Táthar ag súil freisin go leathnófar conarthaí roinnt saineolaithe náisiúnta ar iasacht i 2013 agus go bhfoilseofar poist nua.

## 9.2. Airgeadas

Cuirfear an buiséad i bhfeidhm i gcomhréir le rialachán EASO agus Cinneadh Uimh 2 de chuid an Bhoird Bhainistíochta ar Rialachán Airgeadais EASO. Cuirfear an Bord Bainistíochta ar an eolas i ndáil le haon athrú suntasach i ngníomhaíocht oibríochtúil nó gníomhaíochtaí oibríochtúla nua, lena n-áirítear a gcuid tionchar airgeadais. Tá 2013 ar an gcéad bhliain de neamhspleáchas airgeadais EASO i ndáil le bunú agus cur chun feidhme a buiséid.

## 9.3. Cumarsáid EASO

I gcomhréir le spriocanna cumarsáide EASO, mar atá leagtha amach ina straitéis chumarsáide (arna foilsiú i 2012), déanfaidh EASO a thuilleadh forbartha ar an gcumarsáid, trédhearcacht agus sofheictheacht inmheánach agus seachtrach dá cuid i 2013. Toisc gur gníomhaireacht sách nua í, díreoidh iarrachtaí cumarsáide seachtraí ar faisnéis a sholáthar ar a cuid tascanna agus a ról agus an comhthéacs stairiúil atá léi. Tá sé tábhachtach freisin ionchais a bhainistiú.

Tá feasacht sothuigthe agus suas chun dáta ríthábhachtach. Ba cheart do EASO freastal ar an éileamh seo trí dhul i mbun cumarsáide go soiléir agus go hoscailte agus an úsáid is fearr a bhaint as teicneolaíochtaí cumarsáide nua-aimseartha. Ba cheart teachtaireacht EASO a chur chun cinn ar bhonn réamhghníomhach agus ba cheart go gcuirfeadh sí le díospóireacht pholaitiúil agus phoiblí leanúnach. Sa chomhthéacs seo, leanfaidh an ghníomhaireacht le leas a bhaint as cainéil chumarsáide éagsúla, ag brath ag na teachtaireachtaí a theastaíonn uaithi a chur in iúl agus an sprioc lucht éisteachta.

Is iad príomhtheachtaireachtaí EASO:

- EASO: tá an tacaíocht mar mhisean againn;
- EASO: ag cur dlúthpháirtíocht chun cleachtais;
- Baineann EASO le luachanna coiteanna, cáilíocht agus dlúthpháirtíocht; agus
- EASO: ag soláthar breisluach don AE agus a Bhallstáit.

Díreoidh iarrachtaí cumarsáide i 2013 ar:

- a chinntiú gur maith an t-eolas atá ar ról, luachanna agus obair EASO;
- neartú a dhéanamh ar inchreidteacht EASO trí dhul i mbun cumarsáide ar bhonn comhsheasmhach, éifeachtúil, trédhearcach agus cruinn, trí mheán sruth comhsheasmhach faisnéise intuigthe go héasca; agus
- próifíl EASO a mhéadú mar lárionad saineolais ar ábhair a bhaineann le tearmainn;

Cuirfear príomhtheachtaireachtaí EASO in iúl go trédhearcach trí iliomad cainéal d'fhonn a chinntiú go bhfreastalaítear ar an lucht éisteachta is mó ar féidir. Ina measc seo áirítear:

- láithreán gréasáin oifigiúil EASO
- na meáin scríofa agus chlosamhairc;
- rannpháirtíocht in imeachtaí (cosúil le laethanta oscailte AE agus imeachtaí eile lena n-áirítear ócáidí móra atá tábhachtach ar bhonn polaitíochta);
- láithreoireachtaí agus taispeántais d'obair agus de ghníomhaíochtaí EASO;
- foilseacháin agus tuarascálacha (1);
- nuachtlitir mhíosúil EASO;
- preas-ráitis; agus
- sleachta laethúla ó na meáin (le haghaidh úsáide inmheánaí).

I ndáil le cumarsáide inmheánach, coimeádfar foireann EASO go maith ar an eolas i ndáil le gníomhaíochtaí agus misean na gníomhaireachta ionas gur féidir leo gníomhú mar ambasadóirí EASO. Coimeádfar suas chun dáta iad freisin ar fhorbairtí sna réimsí i ndáil le tearmann agus inimirce san AE. Sa chomhthéacs sin, soláthrófar sleachta laethúla ó na meáin do chomhaltaí foirne uile EASO.

## 9.4. Seirbhísí corparáideacha/ bainistíocht doiciméad

An cuspóir atá le bainistíocht doiciméad ná faisnéis a bhainistiú ar bhonn a ghéilleann do rialacháin AE ar bhainistíocht doiciméad agus beartais EASO.

(1) Faigh le do thoil an forbhreathnú ar fhoilseacháin agus ar thuarascálacha EASO in Iarscríbhinn 2.

Caomhnaíonn bainistíocht doiciméad cuimhne institiúideach EASO, éascaítear cuardach agus aisghabháil doiciméad agus, thar aon ní eile, déantar níos éasca d'fhoireann EASO é dul i mbun oibre.

I 2013, táthar ag súil leis na tascanna um bainistíocht doiciméad seo a leanas a thabhairt chun críche:

- Cuirfidh EASO beartas cuimsitheach i bhfeidhm ar bhainistíocht doiciméad a bheidh le leanúint ag an bhfoireann ar fad agus á chomhlánú ag treoirlínte. Déanfar oiliúint ar bhainistíocht doiciméad a thairiscint, le hoiliúint ghinearálta don fhoireann ar fad agus oiliúint speisialaithe do chúntóirí.
- Cuirfear i bhfeidhm beartas agus córas um chlárú an chomhfhreagrais uile isteach/amach agus an chomhfhreagrais fhoirmiúil inmheánaigh. Córas láimhe a bheidh anseo ach beidh sé in oiriúint le rialacha an Choimisiúin ar chlárú (SEC(2009)1643).
- Tabharfar plean rangúcháin agus sceideal coinneála i ndáil le doiciméid uile EASO chun críche. Is tábhachtach an uirlis í seo i ndáil le doiciméid a eagrú le haghaidh aisghabhála agus cinneadh a dhéanamh ar an tréimhse ama a gcaithfear gach catagóir a choinneáil (an tréimhse choinneála). Beidh an tréimhse choinneála bunaithe ar bhreithniúcháin riaracháin, dlí, conartha, airgeadais agus cartlainne.

I 2013, beidh soláthar chóras bainistíochta inneachair fiontair (ECMA) faoi lánseol, agus é mar aidhm córas a ghnóthú atá sainiúil i ndáil le doiciméid leictreonacha a bhainistiú agus a gcuid barántúlachta, sláine agus aisghabháltachta a chaomhnú. Éascóidh an córas seo comhar ar ullmhú doiciméid agus, trí forbairt na sruthanna oibre, an próiseas i ndáil le faomhadh a ghnóthú.

# IARSCRÍBHINN 1: Plean EASO do bhunú na gconarthaí poiblí agus na ngealltanas dlithiúil i 2013

| Gníomhaíocht an chláir oibre | Nádúr an chaiteachais | Buiséad measta | Cur síos ar ghealltanas dlithiúil | Cur síos ar an nós imeachta | Dáta seolta táscach |
|---|---|---|---|---|---|
| Oiliúint EASO | Eagrú imeachta | EUR 600 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI–IV |
| Oiliúint EASO | Feidhmchlár TF oibríochtúil | EUR 160 000.00 | Conradh poiblí | Nós imeachta oscailte do bhronnadh an chonartha | RI |
| Oiliúint EASO | Foilsiú lámhleabhar | EUR 10 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO/ comhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an Oifig Foilseachán | RIII agus IV |
| Oiliúint EASO | Aistriúcháin | EUR 165 000.00 | Socrú riaracháin | Nós imeachta riaracháin le hIonad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (CDT) | RI–III |
| Oiliúint EASO | Aisíoc na gcostas le daoine a dtugtar cuireadh dóibh | EUR 265 000.00 | Litreacha cuiridh | Nós imeachta inmheánach | RI–IV |
| Próisis cháilíochta | Eagrú imeachta | EUR 350 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI–III |
| Próisis cháilíochta | Aisíoc na gcostas le daoine a dtugtar cuireadh dóibh | EUR 12 000.00 | Litreacha cuiridh | Nós imeachta inmheánach | RIII agus RIV |
| Próisis cháilíochta | Foilsiú lámhleabhar | EUR 26 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO/ comhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an Oifig Foilseachán | RII |
| Próisis cháilíochta | Seirbhísí comhairleacha | EUR 28 000.00 | Conradh poiblí | Nós imeachta idirbheartach | RII–IV |
| Próisis cháilíochta | Aistriúcháin | EUR 34 000.00 | Socrú riaracháin | Nós imeachta riaracháin le CDT | RI |
| Tacaíocht chothrománach do chur chun feidhme CEAS | Feidhmchlar TF oibríochtúil | EUR 100 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi EASO/creatchonradh na hArd-Stiúrthóireachta um Fhaisnéisíocht | Ri–IV |
| Tuarascáil bhliantúil ar thearmann | Foilisú na tuarascála bliantúil | EUR 240 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO/ comhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an Oifig Foilseachán | RI |
| Tuarascáil bhliantúil ar thearmann | Eagrú imeachta | EUR 60 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RIII |
| Luathrabhadh agus anailís ar shonraí | Feidhmchlár TF oibríochtúil | EUR 300 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi EASO/creatchonradh na hArd-Stiúrthóireachta um Fhaisnéisíocht | RI |

| Gníomhaíocht an chláir oibre | Nádúr an chaiteachais | Buiséad measta | Cur síos ar ghealltanas dlithiúil | Cur síos ar an nós imeachta | Dáta seolta táscach |
|---|---|---|---|---|---|
| Luathrabhadh agus anailís ar shonraí | Eagrú imeachta | EUR 80 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI |
| Luathrabhadh agus anailís ar shonraí | Foilsiú tuarascálacha | EUR 20 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO/ comhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an Oifig Foilseachán | RI |
| Faisnéis na Tíre Tionscnaimh | Feidhmchlár TF oibríochtúil | EUR 425 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi EASO/creatchonradh na hArd-Stiúrthóireachta um Fhaisnéisíocht | RI–III |
| Faisnéis na Tíre Tionscnaimh | Eagrú imeachta | EUR 375 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI–III |
| Faisnéis na Tíre Tionscnaimh | Foilsiú tuarascálacha | EUR 100 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO/ comhaontú ar leibhéal seirbhíse leis an Oifig Fhoilseacháin | RI–III |
| Tacaíocht chothrománach do Bhallstáit bhí bhrú ar leith | Eagrú imeachta | EUR 50 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI–III |
| Tacaíocht chothrománach do chomhar praiticiúil na mBallstát | Eagrú imeachta | EUR 60 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI–III |
| Tacaíocht chothrománach do chomhar praiticiúil na mBallstát | Feidhmchlar TF oibríochtúil | EUR 40 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi EASO/creatchonradh na hArd-Stiúrthóireachta um Fhaisnéisíocht | RI |
| Tacaíocht éigeandála | Aisíoc costas do dhaoine faoi shainordú | EUR 950 000.00 | Litreacha imlonnaithe | Nós imeachta inmheánach | RI–IV |
| Tacaíocht éigeandála | Soláthairtí um thacaíocht lóistíochta | EUR 150 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI–IV |
| Tacaíocht éigeandála | Aisíoc costas do dhaoine faoi shainordú | EUR 100 000.00 | Litreacha um fhorbairt inniúlachta | Nós imeachta inmheánach | RI–IV |
| Athlonnú, athshocrú agus gné sheachtrach | Eagrú imeachta | EUR 150 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RI–IV |
| Comhar le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara | Eagrú imeachta | EUR 150 000.00 | Conradh poiblí | Conarthaí sainiúla faoi chreatchonradh EASO | RIII |
| **IOMLÁN** | | **EUR 5 000 000.00** | | | |

# IARSCRÍBHINN 2: Foilseacháin agus doiciméid EASO le haistriú i 2013

| | |
|---|---|
| 1. | Bróisiúr EASO |
| 2. | Clár oibre EASO |
| 3. | Tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EASO |
| 4. | Tuarascáil bhliantúil EASO ar staid an tearmainn san AE |
| 5. | Bróisiúr oiliúna EASO |
| 6. | Uasmhéid 3 lámhleabhar oiliúna EASO |
| 7. | Oiliúint EASO do na breithiúna – lámhleabhar oiliúna |
| 8. | Uasmhéid 4 fhoilseachán EASO ar cháilíocht |
| 9. | Uasmhéid 3 thuarascáil COI EASO |
| 10. | Uasmhéid 3 fhoilseachán ar mhodheolaíocht COI EASO |
| 11. | Staidéar EASO ar úsáid COI |
| 12. | Treoirlínte um misean aimsithe fíoras EASO |
| 13. | Lámhleabhar EASO ar mheasúnú aoise |
| 14. | Póstaer EASO |

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar láithreán gréasáin (http://ec.europa.eu) nó trí fhacs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

**Síntiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus tuarascálacha cásanna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh):**

- ó dháileoirí tráchtála de chuid Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

An Oifig Eorpach Tacaíochta do Chúrsaí Tearmainn

**Clár oibre EASO 2013**

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2012 — 27 lch. — 21 × 29,7 cm

ISBN 978-92-95079-75-5
doi:10.2847/70866

BZ-AC-12-001-GA-N

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-95079-75-5
doi:10.2847/70866